# Iarscríbhinn: Príomhthorthaí Thuarascáil EASO ar Staid an Tearmainn in AE 2014

## Réamhrá

Tugtar forbhreathnú cuimsitheach i dTuarscáil Bhliantúil EASO 2014 ar líon agus nádúr na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i 28 mBallstát go léir an AE, móide an Iorua agus an Eilvéis (an tAE+). Déantar fiosrú inti ar treochtaí tearmainn, lena n-áirítear príomhdhúshláin agus príomhfhreagairtí le linn na bliana, forbairtí institiúideacha agus dlíthiúla ollmhóra agus tugtar forbhreathnú ar fheidhmiú praiticiúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS). Tá ionchur arna sholáthar ag Ballstáit, UNHCR, an tsochaí shibhialta, speisialtóirí san fhaisnéis agus oifigigh ar talamh.

## Príomhphointí na tuarascála

- In 2014, bhí breis agus 660 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san AE+, is é sin an líon is airde ón am ar tosaíodh ar bhailiú sonraí ag leibhéal an AE in 2008.
- Ba ó shaoránaigh as an tSiria, as tíortha na mBalcán Thiar uile, agus Eiritré an líon is mó iarratas ar thearmann. Ba iad an Ghearmáin, an tSualainn, an Iodáil, an Fhrainc agus an Ungáir na príomhthíortha glactha.
- Ag deireadh na bliana 2014, bhí breis agus 500 000[1] duine ag fanacht ar chinneadh maidir lena n-iarratas ar thearmann san AE+; bhí méadú i líon na n-iarratas ar feitheamh faoi +37% i gcomparáid le 2013.
- Bhí an ghéarchéim leanúnach sa tSiria ina príomhdhúshlán san AE+ in 2014 de dheasca líon na n-iarratas ó Shiriaigh,  breis agus 128 000 a bhí ann. Ba é sin ba chúis le bearta speisialta a bunaíodh maidir le hathlonnú agus glacadh daonnúil.
- Bhí an Afganastáin fós ar na príomhthíortha tionscnaimh arbh as iarratasóirí anuraidh; b'ionann na 42 745 iarratas don bhliain 2014 agus an méadú 53 % i gcomparáid le 2013. Ba as an tír sin freisin an líon is airde mionaoiseach neamhthionlactha a chuir iarratas isteach ar thearmann san AE+ (6 155).
- Ba é 110 000 líon na n-iarratas ó shaoránaigh as tíortha na mBalcán Thiar agus cuid shuntasach acu as an tSeirbia agus an Chosaiv.
- Bhí breis agus 14 000 iarratasóir Úcránach ann, méadú faoi 13 i gcomparáid le 2013.
- Chonacthas in 2014 lainseáil an Chiste Tearmainn, Imirce agus Comhtháthaithe 7 mbliana (AMIF) le buiséad 3.137 bhilliún EUR le tacú le tionscadail i mBallstáit.

## Forbairtí ollmhóra in 2014

### Géarchéim na Meánmhara

Bhí rochtain ar nós imeachta tearmainn agus bainistíocht na sruthanna imirceacha chun tosaigh sa díospóireacht pholaitiúil in 2014 le méadú suntasach ar líon na ndaoine ag teacht isteach ar tír ón muir, go minic le cailleadh tromchúiseach daoine sa Mheánmhuir mar thoradh air. Rinneadh iarrachtaí le Tascfhórsa na Meánmhara tuilleadh a fháil amach ba chúis bhunúsach leis an bhfadhb agus le réitigh a fháil air. Cuireadh a lán béime ar chéim thosaigh an nóis imeachta tearmainn, lena n-áirítear an próiseas iarratais agus an próiseas cláraithe, áit a bhfuil dúshláin ollmhóra ann fós, go hairithe i dtíortha an AE+ ina mbíonn méadú suntasach i líon na ndaoine atá ag teacht isteach iontu nó atá ag teacht isteach go tobann.

---

[1] Áirítear achomhairc san fhigiúr seo

## Aiseanna glactha

Ba é an méadú in iarratais ar thearmann in 2014 ba chúis le heaspa cóiríochta i gcuid mhór tíortha, ag cur béime ar an ngá le solúbthacht níos fearr maidir le haiseanna um ghlacadh. D'fhreagair Ballstáit trí áiseanna úrnua a chruthú agus cinn éigeandála a bhunú. Sa chomhthéacs sin, rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) a shoiléiriú nach mór go gcuirfidh liúntas airgeadais, a dheonófar d'iarratasóirí, ar a gcumas cóiríocht phríobháideach a fháil ar cíos, más gá. Shocraigh a lán tíortha an AE+ rochtain ar an margadh fostaíochta a leathnú ionas gur féidir le hiarratasóirí a gcuid féin-inbhuanaitheacht a fheabhsú. Rinneadh beartais choinneála a leasú i gcuid mhór Ballstát agus chonacthas treocht i dtreo roghanna eile in ionad coinneála.

## Córais náisiúnta tearmainn a fhorbairt

Agus iad ag léiriú méaduithe in iarratais agus i gcásanna ar feitheamh, rinne cuid mhór tíortha AE+ a gcuid riarachán tearmainn a athstruchtúrú, foireann sa bhreis a earcú agus tascanna agus acmhainní a atheagrú. Cuireadh bearta éagsúla i bhfeidhm le héifeachtacht a threisiú agus le freagairt go solúbtha do bhrúnna a théann chun cinn. Áirítear leis sin: bearta teagmhais a shainiú, nósanna imeachta le cinnteoireacht níos éasca a úsáid, leasuithe ar liostaí náisiúnta na dtíortha tionscnaimh sábháilte, tosaíocht a chur ar chásanna tearmainn áirithe, agus réitigh teicneolaíochta úrnua.

## Tacaíocht EASO

Lean EASO lena tacaíocht oibríochta a sholáthar don Ghréig, don Iodáil, don Bhulgáir agus don Chipir agus d'éirigh léi i dtionscadail píolótacha comhphróiseála, a léirigh oiriúnacht le comhphróiseáil foirne tacaíochta do Bhallstáit, agus i dtionscadal in éineacht le Málta agus leis an Iodáil maidir le himircigh neamhrialta a éascú.  Chuir EASO breis agus 2 800 oifigeach tearmainn agus glactha faoi oiliúint. Chomh maith leis sin, thionól EASO gníomhaíochtaí gné seachtraí le líon stát; an Tuirc an tSeirbia, an Iordáin, Maracó agus an Túinéis, ina measc. Ina theannta sin, lainseáil EASO bailiúchán sonraí staitistiúla nua faoina Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS), ina bhfeictear ionchur ó gach stát AE+ ar bhonn míosúil, ag cur le faisnéis atá ar fáil ó Eurostat. Áirítear anailís fheabhsaithe sa Tuarascáil Bhliantúil bunaithe ar na sonraí nua sin.

## Cúrsaí dlí

Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) ar ghnéithe tábhachtacha de chosaint choimhdeach (go mór mór coincheap na coinbhleachta armtha inmheánaí agus cásanna fadhbanna tromchúiseacha sláinte) agus shoiléirigh conas is féidir le húdaráis náisiúnta measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht ghnéaschlaonadh dearbhaithe na n-iarratasóirí tearmainn. Rinne cúirteanna agus binsí náisiúnta anailís ar líon príomhchoincheap a bhaineann le tearmann, amhail géarleanúint ar fhorais reiligiúin agus úsáid foirmeacha éagsúla cosanta (stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach) bunaithe ar chúinsí aonair i ngach cás.

## Grúpaí leochaileacha

Chuir breis agus 24 000 mionaoiseach neamhthionlactha iarratas isteach ar chosaint idirnáisiúnta anuraidh. Gheall tíortha an AE+ tabhairt faoin drochbhail ar ghrúpaí leochaileacha, amhail mionaoisigh neamhthionlactha, daoine faoi mhíchumais, íospartaigh gháinneála, foréigean agus céasadh, agus seirbhísí nóis imeachta speisialaithe a sholáthar lena gcuid riachtanas a chomhlíonadh.

## Seirbhísí feabhsaithe

I gcomhréir le hathruithe le déanaí i bpacáiste dlí tearmainn an AE, rinne a lán tíortha a gcuid beartas maidir le cúnamh dlí, eolas agus léirmhíniú a leasú d'fhonn caighdeán na seirbhísí sin a fheabhsú. Dúshlán a bhí ann sna réimsí sin in 2014, go háirithe mar gheall ar an méadú ar an éileamh agus ar chiste teoranta na n-acmhainní speisialaithe a bhí go minic ann.

## Inchomparáideacht

Glacann Ballstáit dhifriúla líon sruthanna difriúla suntasacha iarratasóirí agus ar chúiseanna difriúla freisin. Luaitear in alt na tuarascála faoi inchomparáideacht go bhféadtar tosca amhail láithreacht diaspóra, ráta aitheanta, naisc le stair agus teanga, sochair arna soláthar ag Ballstáit agus aga próiseála, tionchar a imirt ar chinneadh lucht iarrtha tearmainn maidir le tír cheann scríbe a roghnú ach nach bhféadtar ceann ar bith acu a mheas ina aonar.

## Straitéis don todhchaí

Ag cur leis an díospóireacht in 2014, thug an Coimisiún achoimre ar threoracha nua maidir le beartas tearmainn i gcumarsáid *A European Agenda On Migration* (EAM) a eisíodh Bealtaine 2015. Moladh gníomh láithreach le daoine ar muir a shábháil, le líonraí smuigleála a chomhrac, le freagairt do líon mór daoine ag teacht isteach san AE le seirbhísí athlonnaithe agus le cur chuige coiteann maidir le hathlonnú a fhorbairt. Beidh ról tábhachtach le himirt ag EASO i gcuid de na mbearta sin, lena n-áirítear iad siúd i réimse comhphróiseála na n-iarratas ar thearmann, i líonraí smuigleála a chomhrac, athlonnú agus glacadh.